



Ráiteas Scoile

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile.

Is mian linn atmaisféar sona spreagúil sábháilte cineálta a chothú do chách.

Déanaimid ceiliúradh ar bhuanna a chéile agus tógaimid ar na buanna sin.

Cúlra:

Bunaíodh Scoil Chualann sa bhliain 1977 chun feastal a dhéanamh:

- ar pháistí arbh í an Ghaeilge an teanga teaghaigh acu
- ar pháistí a raibh roinnt Ghaeilge acu óna dtuismitheoirí, ó naíonra nó ó fhoirse éigean eile
- ar pháistí ar mhian lena dtuismitheoirí go bhfaighidís a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge

Fealsúnacht Scoile:

- Is scoil lán Ghaeilge í Scoil Chualann
- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile idir mhúinteoirí, pháistí agus tuismitheoirí
- Is Scoil Náisiúnta í an scoil le hethos Chaitliceach agus is é Ard Easpag Chaitliceach Bhaile Atha Cliath patrún na scoile
- Cuirtear fáilte sa scoil roimh pháistí nach Caitlicigh iad
- Cothaitear meas tríd an scoil ar chreideamh, ar thraidisiún, ar chultúr agus ar theanga gach páiste

Aidhmeanna na scoile:

- Forbairt iomlán an pháiste
- Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fail do pháistí agus a chur ar a gcumas a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge
- Dúil sa Ghaeilge agus sa tsáiocht ghaelach a chothú i measc na bpáistí agus na dtuismitheoirí trí thimpeallacht iomlán gaelach a chothú

Comhoibriú

Is mian leis an mBainistíocht atmaisféar sona spreagúil sábháilte a chothú sa scoil ar mhaithe leis na páistí.

Tá fáilte roimh thuairmí tuismitheoirí chun an dea atmaisféar seo a chinntiú.

Tá fáilte i gcónaí roimh thuismitheoirí teacht agus coinne a dhéanamh leis an múinteoir chun 'dul chun cinn' a bpáiste a phlé.

Agus iad ag roghnú na scoile, glacann na tuismitheoirí orthu féin an tacaíocht atá riachtanach a thabhairt dá bpáistí, do na múinteoirí agus don Bhainistíocht.

Chun an dea thoil agus an tacaíocht seo a chothú agus chun nach gclisfear ar aidhmeanna bunúsacha na scoile, díritear aire ar na pointí seo leanas:

- Is gá go ndéanfadh tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile.
- Tá sé éigeantach go ndéanfadh na páistí an Ghaeilge a úsáid i gcónaí, sa scoil, i gclós na scoile, ag imeachtaí agus ag ócáidí scoile.
- Is gá do na páistí a bheith ar scoil in am gach lá, iad gléasta go cuí agus ullamh don scoil.
- Níl cead ag páiste an scoil ná timpeallacht na scoile a fhágáil gan cead.

Más mian le tuismitheoir go bhfágadh a pháiste an scoil roimh an gnáth am dúnta (13.20, 14.20) is gá é sin a chur in iúl don phríomhoide i scríbhinn roimhré.